Nótaí do na sleamhnáin do cheardlann 2

Sleamhnán 1

Cliceáil chun nótaí a chur leis seo

Sleamhnán 2

Seo a leanas na hintinní foghlama don cheardlann seo.

Sleamhnán 3

Mar mhúinteoirí cuirimid mórán ceisteanna ach cad é go díreach a chiallaíonn ceistiú éifeachtach.

Is é is ceistiú éifeachtach ann ceisteanna a chumadh, a sheachadú, a uainiú, a iarraidh agus freagairt dóibh d'fhonn faisnéis a sholáthar faoi eolas, tuiscint agus scileanna scoláire a chuirfidh bonn eolais faoi phleanáil an mhúinteora agus faoina rogha de straitéisí teagaisc chun scoláirí a bhogadh ón áit a bhfuil siad go dtí an áit ar gá dóibh dul.

Sleamhnán 4

Ní hé atá i gceist go gcaithfear níos mó ceisteanna a chur.  Le fírinne, léiríonn taighde go gcuireann múinteoirí mórán ceisteanna le linn an lae – tuairim ar cheann amháin gach 72 soicind, ar an meán, déanta na fírinne is é an múinteoir féin a fhreagraíonn 38% díobh sin.

Sleamhnán 5

Má áirítear na figiúirí sin:

- Cé chomh maith is a chabhraíonn na ceisteanna a chuirimid faoi láthair linn:
  - a aithint cén áit a bhfuil scoláirí faoi láthair ina gcuid foghlama
  - an fhoghlaim a leathnú agus a dhoimhniú
  - bonn eolais a chur faoin bpleanáil d'fhoghlaim sa todhchaí.

- An bhfuil aon rud a dhéanfá níos fearr nó ar bhealach eile chun na trí sprioc seo a chur i gcrích.

Gan amhras d’fhéadfadh fiú an duine is fearr againn feabhas a chur ar cháilíocht na gceisteanna a chuirimid agus ar an mbealach a fhreagraímid do cheisteanna agus do fhreagraí a fhaighimid ónar gcuid scoláirí.

Agus tá roinnt straitéisí simplí ann le cabhrú linn é sin a dhéanamh, rud a phléifimid sa cheardlann seo.

Sleamhnán 6

Cuir chuige a chabhródh chun an t-atmaisféar ceart a chruthú, chuirfeadh siad ceistiú éifeachtach chun cinn. Ina theannta sin, dhaingneodh ceistiú éifeachtach cultúr dearfach sa seomra ranga agus chabhródh sé lena chothú.

Is féidir linn atmaisféar dearfach a bhunú inár seomraí ranga trí na rudaí a leanas:

- Cultúr a chur chun cinn ina dtéitear san amhantar. D’fhonn go rachaidh scoláirí san amhantar, ní mór dóibh fios a bheith acu go bhfuil fáilte roimh gach ionchur agus go bhfuil meas orthu agus gur cuid den phróiseas foghlama botúin a dhéanamh. An bhfuil sé ceart go leor freagra mícheart a thabhairt? An mbíonn meas ar bharúil gach duine i do sheomra ranga? Agat féin? Ag na scoláirí eile?
- Trí phobal fiosrúcháin atá tugtha don smaointeoireacht agus don fhoghlaim neamhspleách a chruthú cothaítear atmaisféar dearfach chomh maith. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh caidrimh thacúla ann (múinteoir-scoláire agus scoláire-scoláire). Chruthódh siad sin timpeallacht ina bhfuil tú mar chuid den phobal foghlama.
- Agus ar deireadh, ba chóir go léireofaí tiomantas don fhoghlaim i leith gach scoláire. Ba chóir gur léir an creideamh atá againn i bpáirt go bhfuil cumas i ngach páiste foghlaim agus ba chóir é sin a dhaingniú sa seomra ranga. Is féidir é sin a dhéanamh trí bhéim a chur ní ar ghnóthachtáil ach ar dhul chun cinn san fhoghlaim. Chabhródh sé sin le féinmhuinín agus sásamh pearsanta nuair a chuirfí tascanna i gcrích, nó mhothódh scoláirí sábháilte agus iad ag nochtadh a gcuid smaointe féin agus ag smaoineamh os ard agus ag míniú a réasúnaíochta.

Má choinnítear cuimhne ar na rudaí sin agus má úsáidtear cuid de na cuir chuige seo chun an t-atmaisféar ceart a chruthú, is féidir ceistiú éifeachtach a

chothú.  Ar a bharr sin, is féidir le ceistiú éifeachtach cultúr dearfach a dhaingniú, a fhorbairt agus a bhuanú sa seomra ranga.

Sleamhnán 7

Is é an chéad rud is féidir linn a dhéanamh ceisteanna níos fearr a chur trí cheisteanna a phleanáil níos cúramaí agus trí bheith níos cúramaí ag ceapadh ár gcuid ceisteanna. Chuige sin déanaimid machnamh ar:

- Cad é ba mhaith liom na scoláirí a fhoghlaim?
- Conas a fhoghlaimeoidh siad é?
- Conas a gheobhaidh mé amach ar fhoghlaim siad é?

Mar thoradh ar ár gcuid ceisteanna ba chóir go ndaingneofaí an fócas ar an bhfoghlaim agus go neartófaí tuiscint scoláirí ar an bhfoghlaim.

- I dtús báire, féadaimid níos lú ceisteanna a chur. Ní hé an cuspóir atá againn le go leor de na ceisteanna a chuirimid ar scoláirí go dtabharfaí freagra orthu; le fírinne, is treoracha iad ('An rachaidh sibh uile isteach i scuaine?') ceisteanna reitriciúla ('An síleann sibh nach bhfaca mé sin?') nó is é an múinteoir a thugann freagra orthu.
- Féadaimid ceisteanna níos 'oscailte' a chur.  Ní hionann an cuspóir a bhíonn ag gach cineál ceiste. Nuair is athchuimhne atá de dhíth agus tú ag iarraidh a fháil amach cad é atá ar eolas ag do chuid scoláirí, is ceisteanna druidte is cuí. Os a choinne sin, nuair ba mhaith leat fios a bheith agat cad é a thuigeann siad, úsáid ceisteanna níos oscailte m.sh. in áit a fhiafraí 'Cad é an t-athrú datha a fheictear nuair a thumtar páipéar dearg litmis i bhfínéagar?' fiafraigh 'Conas is féidir seiceáil cé acu atá fínéagar ina aigéad nó ina bhonn?')
- Is fiú do chuid ceisteanna a sheicheamhú. Má phleanálann tú seicheamh na gceisteanna go cúramach is féidir leat an fhoghlaim a leathnú, na scoláirí  a spreagadh chuig an toradh/ freagra inmhianaithe agus cuidiú leo ar a n-aistear foghlama. Mar shampla, is féidir go n-athróidh do cheisteanna ó chaol go leathan (sainiúil go ginearálta).
- Agus ar deireadh, is féidir linn eochaircheisteanna a cheapadh. Má ullmhaítear 2-3 phríomhcheist roimh cheacht nó roimh ghníomhaíocht is féidir leis sin bheith mar intreoir don cheacht nó dá intinní foghlama, is

féidir an ceacht a struchtúrú, naisc a dhéanamh laistigh den cheacht agus gach duine a choinneáil ar an tasc. Is féidir é sin a léiriú ar leidchártaí nó ar mheabhairmhapa.

Sleamhnán 8

Féadaimid bheith níos éifeachtaí agus sinn ag ceistiú trí cheisteanna a chur ar bhealach níos fearr, níos éifeachtaí. Ar ndóigh ciallaíonn sé sin an chaoi a gcuirimid ceisteanna ach ciallaíonn sé freisin go smaoineoimis conas a ligimid do scoláirí freagairt. Is fiú machnamh ar na straitéisí ar an sleamhnán.

- Bíodh an rang uile páirteach. Más mian linn cultúr a chur chun cinn ina dtéitear san amhantar, caithfimid a chinntiú nach mothaíonn scoláirí faoi bhagairt. Straitéis amháin is féidir a úsáid is ea labhairt leis an ngrúpa agus ní leis an duine aonair.
- Straitéis eile is ea 'smaoinigh, péireáil, comhroinn'. In amanna bíonn eagla ar scoláirí má bhíonn orthu labhairt amach i suíomh iomlán ranga. Féadann tú an straitéis seo a úsáid chun go mbeidh gach duine páirteach. Sa chás seo, smaoiníonn scoláirí ar an bhfreagra s'acu, pléann siad le páirtí é agus ansin le grúpa. Bhainfeadh sin an fócas den duine aonair, d'fheabhsódh sé féinmheas agus thabharfadh sé guth do na scoláirí atá cúthail.
- Is ríthábhachtach freisin sa cheistiú éifeachtach go dtugtar am do scoláirí chun bheith ag smaoineamh. Léiríonn torthaí taighde gurb iondúil go dtugann múinteoirí níos lú ná soicind d'am feithimh idir an cheist a chur agus an freagra a iarraidh (uaireanta is iad féin a thugann na freagraí). Má mhéadaíonn tú an t-am go 3-5 shoicind, is féidir leat difear mór a dhéanamh d'éifeacht do cheiste. Má dhéanann tú amhlaidh
    - tugtar do scoláirí an t-am ríthábhachtach atá de dhíth orthu lena gcuid smaointe a chur in ord
    - cinntítear go bhfuil seans ann go dtabharfaidh níos mó scoláirí freagra
    - bíonn níos lú de na freagraí 'níl a fhios agam' ann dá bharr
    - bíonn freagraí ann atá níos smaointí, níos cruthaithí agus níos faide, rud a chabhraíonn le gach páiste, beag beann ar a chumas.

Mar sin féin, cinntigh go bhfuil a fhios ag scoláirí agus go dtuigeann siad go bhfuil am ann chun smaoineamh ionas nach mothóidh siad go bhfuil brú orthu freagra a thabhairt ar an toirt.

- Sa deireadh, bain triail as an gcur chuige 'ná cuirigí suas lámh'. Nuair a chuireann tú ceist agus a chuireann scoláire amháin suas a lámh, go minic stopann gach duine eile de bheith ag smaoineamh nó de bheith ag iarraidh an freagra a oibriú amach. Má deir tú leo 'ná cuirigí suas lámh' is féidir go spreagfaidh tú gach scoláire chun bheith ag plé leis an gceist ar feadh tamaill níos faide.

Sleamhnán 9

Sa cheistiú éifeachtach freisin déileáiltear le freagraí ó scoláirí ar bhealach éifeachtach spreagúil. Seo roinnt straitéisí a chabhraíonn chun é sin a bhaint amach.

- Ar dtús is féidir freagraí míchearta a úsáid chun tuiscint a fhorbairt. Mar chuid dár ról anseo *éistimid* le freagraí scoláirí. Is gá dúinn éisteacht chun na freagraí a fháil atáimid a iarraidh ach gan neamhaird a dhéanamh de fhreagraí eile a léireodh níos mó faoin léargas atá ag an scoláire ar an gceist agus ar an leibhéal tuisceana atá aige agus a bhealach chun tuisceana. Le fírinne is féidir linn leas a bhaint as freagraí míchearta trí úsáid a bhaint astu chun tuiscint a fheabhsú. Is amhlaidh is cóir an earráid a thaispeáint ar bhealach nach ndeir tú 'Tá sin mícheart' ach san am céanna go stiúrann tú an scoláire chun freagra níos fearr a thabhairt.
- Chomh maith leis sin, spreag na scoláirí chun athmhachnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na rudaí atá pléite cheana agus/nó tabhair leideanna chun iad a threorú nó a dhíriú sa treo ceart. Mar shampla, cuir ceist orthu 'Cén fáth a gceapann sibh go ...?' 'Mínígí ... nó 'Céard faoi ...? 'Cuimhnigh nach gá leideanna ó bhéal a thabhairt. Is féidir claonadh cinn, meangadh gáire nó comhartha spreagúil láimhe a úsáid chun freagraí scoláirí a mhealladh.
- Ar deireadh, éist agus tabhair freagra dearfach i gcónaí do scoláirí atá ag glacadh páirt dháiríre sa phlé. Spreagfaidh sé sin iad chun dul san amhantar agus freagraí a thabhairt dá ndeoin féin in áit bheith ina dtost de dheasca eagla a bheith orthu an 'freagra mícheart' a thabhairt.

Sleamhnán 10

Mar mhúinteoirí, cuirimid féin bunús na gceisteanna sa seomra ranga (tuairim ar 50%-70% níos mó ná na scoláirí). Is cuid ríthábhachtach den fhoghlaim scoláirí a spreagadh chun ceisteanna a chur.  Má spreagtar scoláirí chun ceisteanna a chur, cothaítear rannpháirtíocht scoláirí, forbraítear neamhspleáchas, cabhraítear le scoláirí oibriú trí dheacrachtaí (in áit a bheith ag iarraidh cúnamh ar an toirt), forbraítear a gcumas chun rudaí a mhíniú níos fearr agus forbraítear athmhachnamh agus meastóireacht i leith a gcuid foghlama féin.

Is féidir linn scoláirí a spreagadh trí:

- An próiseas a léiriú. Mar shampla, smaoineamh os ard agus ceisteanna a fhreagairt. Tugann sé sin deis do scoláirí an focalstór cuí a fhorbairt don cheistiú agus an difear idir ceist mhaith agus droch-cheist a thuiscint.
- Is gá dúinn freisin seansanna a thabhairt dár gcuid scoláirí chun a gcuid scileanna a chleachtadh. Mar shampla, trí réad nó spreagthach cuí a sholáthar, is féidir linn fiosracht scoláirí a spreagadh agus iad a mhisniú chun ceisteanna a chur. Os a choinne sin, is féidir le scoláirí ceisteanna a cheapadh faoi chuid de théacs (nó de thopaic) chun bealach isteach ann a aimsiú. Má cheapann scoláirí a gcuid ceisteanna féin is fearr i bhfad an seans go gcuimhneoidh siad ar an bhfreagra.
- Ar deireadh, is maith an smaoineamh am a chur ar fáil inár gcuid ceachtanna chun deis a thabhairt do scoláirí ceisteanna a chur.  Is mó a bheidh claonadh ag scoláirí ceisteanna a chur má tá atmaisféar tacúil sa seomra ranga.

Sleamhnán 11

Seo roinnt ceisteanna a d’fhéadfá a phlé ar feadh tamaill.

Nóta don éascaitheoir:
Is féidir torthaí an phlé a úsáid nuair a bheifear ag socrú conas a úsáidtear *Ceistiú Éifeachtach* Leabhrán 2.

Leabhrán 12

Mar achoimre, seo roinnt eochairtheachtaireachtaí is féidir a thabhairt leat.

***Tá tú réidh anois le bogadh chuig na hábhair i Leabhrán 2 den cheardlann Ceistiú Éifeachtach.***